



PREASEISIÚINT Uimh. 60/25

Lucsamburg, 14 Bealtaine 2025

Breithiúnas na Cúirte Ginearálta i gCás T-36/23 | Stevi agus The New York Times v an Coimisiún

Rochtain ar dhoiciméid: Déantar an cinneadh ón gCoimisiún lenar diúltaíodh d'iriseoir ó *The New York Times* rochtain a fháil ar theachtaireachtaí téacs a malartaíodh idir Uachtarán von der Leyen agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Pfizer a chur ar neamhní

Le hiarraidh ar bhonn an rialacháin maidir le rochtain ar dhoiciméid ¹, d'iarr Martina Stevi, arb í iriseoir leis an nuachtán laethúil *The New York Times*, ar an gCoimisiún Eorpach go dtabharfaí rochtain di ar na teachtaireachtaí téacs uile a malartaíodh idir Uachtarán an Choimisiúin Ursula von der Leyen agus Albert Bourla, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Pfizer, idir an 1 Eanáir 2021 agus an 11 Bealtaine 2022. Dhiúltaigh an Coimisiún don iarraidh sin ar an bhforas nach raibh na doiciméid sin ina seilbh aige. D'iarr Martina Stevi agus *The New York Times* ar Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an cinneadh ón gCoimisiún a chur ar neamhní.

Ina breithiúnas, **cheadaigh an Chúirt Ghinearálta don achomharc agus chuir sí an cinneadh ón gCoimisiún ar neamhní.**

Meabhraíonn an Chúirt Ghinearálta go bhfuil sé de chuspóir ag an rialachán maidir le rochtain ar dhoiciméid an éifeacht is mó is féidir a thabhairt do cheart na rochtana poiblí ar dhoiciméid atá i seilbh na n-institiúidí. Mar riail ghinearálta, dá bhrí sin, ba chóir go mbeadh rochtain ag an bpobal ar dhoiciméid uile na n-institiúidí. Mar sin féin, nuair a dheimhníonn institiúid, mar fhreagairt ar iarraidh ar rochtain, nach bhfuil ann do dhoiciméad, toimhdítear nach bhfuil ann don doiciméad sin, i gcomhréir leis an toimhde fírinneachta atá ag gabháil leis an deimhniú sin. Féadfadh an toimhde sin a bhréagnú ar bhonn fianaise ábhartha agus chomhsheasmhach arna soláthar ag an iarratasóir.

Sa chás seo, tugann an Chúirt dá haire go bhfuil freagraí an Choimisiúin ar na teachtaireachtaí téacs a iarradh le linn an nós imeachta bunaithe ar thoidhde nó ar fhaisnéis athraitheach nó neamhbheacht. Os a choinne sin, chuir Martina Stevi agus *The New York Times* fianaise ábhartha agus chomhsheasmhach ar fáil lenar tugadh tuairisc an gcaoi go raibh malartuithe ann, go háirithe i bhfoirm teachtaireachtaí téacs, idir Uachtarán an Choimisiúin agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Pfizer i gcomhthéacs cheannach vacsaíní ag an gCoimisiún ón gcuideachta sin le linn phaindéim COVID-19. D'éirigh leo, dá bhrí sin, **an toimhde nach ann do na doiciméid arna n-iarraidh agus nach raibh siad i seilbh na ndoiciméad sin a bhréagnú.**

I gcás den sórt sin freisin, ní leor don Choimisiún a dheimhniú nach bhfuil na doiciméid arna n-iarraidh ina seilbh aige ach caithfidh sé mínithe inchreidte a thabhairt chomh maith lena gceadaítear don phobal agus don Chúirt Ghinearálta a thuiscint cén fáth nach raibh teacht ar na doiciméid sin. Níor mhínigh an Coimisiún go mion cén cineál cuardach a ndéanadh sé chun na doiciméid sin a aimsiú, nó cá háit ina ndéanfaí na cuardaigh. Dá bhrí sin **níor thug sé míniú inchreidte chun údar a thabhairt don chaoi nach raibh ann do na doiciméid arna n-iarraidh.** Anuas air sin, níor thug an Coimisiún soiléiriú leordhóthanach maidir leis an gceist ar scriosadh na teachtaireachtaí téacs arna n-iarraidh agus, sa chás sin, ar scriosadh iad go deonach nó go huathoibríoch nó an ndearnadh fón póca

an Uachtaráin a ionadú idir an dá linn.

Ar deireadh, mhainnigh an Coimisiún a mhíniú go hinchreidte cén fáth a measfadh sé nach raibh faisnéis shubstaintiúil ná faisnéis shubstaintiúil a raibh gá le bearta leantacha ag teastáil ina leith sna teachtaireachtaí téacs a malartaíodh i gcomhthéacs vacsaíní COVID-19 a cheannach, agus nár mhór a áirithiú go ndéanfaí an fhaisnéis sin a chaomhnú.

NÓTA: Le caingean le haghaidh neamhniú, iarrtar go gcuirfí ar neamhní gníomhartha institiúidí an Aontais Eorpaigh atá contrártha do dhlí an Aontais. Faoi choinníollacha áirithe, féadfaidh na Ballstáit, na hinstitiúidí Eorpacha agus daoine aonair caingean le haghaidh neamhniú a thabhairt, i gcás inarb infheidhme, os comhair na Cúirte Breithiúnais nó na Cúirte Ginearálta. I gcás ina bhfuil bunús maith leis an gcaingean, cuirfear an gníomh ar neamhní. Ní mór don institiúid lena mbaineann aon fholús dlíthiúil a chruthaítear le neamhniú an ghnímh a réiteach.

NÓTA: Laistigh de dhá mhí agus deich lá tar éis an bhreith a bhfuil achomharc á dhéanamh ina coinne a bheith curtha in iúl, féadfar achomharc a thabhairt, ar phointí dlí amháin, os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreith na Cúirte Ginearálta.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Ghinearálta.

Foilsítear [an téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh Gréasáin CURIA lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar [‘Europe by Satellite’](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ [Rialachán \(CE\) Uimh. 1049/2001](#) an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin.